# Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail Áitiúil

## Cúlra

D'fhorbair an Roinn Dlí agus Cirt an beartas um shábháilteacht pobail bunaithe ar phrionsabal barrthábhachtach a aithníodh i dtuarascáil na bliana 2018 ó Choimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta (CTP), nach iad na póilíní amháin atá freagrach as póilíneacht ach go mbaineann póilíneacht le gníomhaireachtaí eile de chuid an Rialtais ar nós seirbhísí sláinte agus sóisialta. Baineann coincheap na sábháilteachta pobail le daoine a bheith sábháilte ina bpobal féin, agus ag mothú go bhfuil siad sábháilte ann. Ag croílár an bheartais seo atá an prionsabal go bhfuil an ceart ag gach pobal a bheith sábháilte agus a bheith ag brath sábháilte chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath.

De réir mar a mhol an CPT, cheadaigh an Rialtas Bille um Póilíneacht agus Sábháilteacht Pobail a fhorbairt le teacht in áit Acht an Gharda Síochána 2005. Is é an rún atá laistiar den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail ná sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar fheidhmeanna an Gharda Síochána (AGS) trí shábháilteacht pobail a chur san áireamh agus dualgas a leagan ar Ranna, Gníomhaireachtaí Stáit agus údaráis áitiúla comhoibriú le AGS i ndáil leis an bhfeidhm seo a chur i gcrích. Shínigh an tUachtarán Higgins an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024 ina dhlí ar an 7 Feabhra 2024.

Tá sé mar aidhm leis an straitéis nua um shábháilteacht pobail a chinntiú go mbeidh pobail níos sábháilte agus go mbraithfidh siad níos sábháilte trí shábháilteacht pobail a bheith ina freagracht agus tosaíocht uile-Rialtais, atá le cur i gcrích trí Comhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil (CSPAnna). Tacófar leo trí struchtúr náisiúnta rialachais chun tacú le sábháilteacht pobail a athshuí ina soláthar seirbhísí sóisialta leordhóthanacha agus oiriúnacha atá comhsheasmhach le riachtanais áitiúla. Tabharfar cumhacht do phobail ionas go mbeadh siad in ann tionchar láidir a imirt ar na gníomhartha a dtabharfaidh na seirbhísí a fheidhmíonn ina gceantar tús áite dóibh, agus beidh ról barrthábhachtach maoirseachta acu freisin lena chinntiú go dtabharfar na gníomhartha sin chun críche.

## Cuspóirí agus Struchtúir um Shábháilteacht Pobail

Trí Chomhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil (CSPAnna), tabharfar na seirbhísí stáit ábhartha ar fad agus an pobal le chéile ag leibhéal an údaráis áitiúil. Trí seo, déanfar forbairt ar an obair ar tugadh fúithi trí Chomhchoistí Póilíneachta agus cuirfear léi trí chinnte a dhéanamh de go bhfuil na páirtithe leasmhara ábhartha eile ar fad, atá riachtanach chun fóram níos iomlánaíche i dtaca le díospóireacht, cinntí agus gníomhú maidir le tosaíochtaí pobail, i láthair.

Tá Comhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil ailínithe le cuir chuige chomhchosúla i réimsí beartais ghaolmhara ar nós thionscnamh Phobail Shláintiúla Sláintecare agus Choistí Forbartha Pobail Áitiúil reatha. Beidh gach aon chomhpháirtíocht in ann tírdhreach na háite a

bhreithniú maidir leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil cheana féin, agus na seirbhísí atá ag teastáil. Trí chreat reachtúil na straitéise, cuirtear ar chumas comhpháirtíochtaí seachadadh an chuir chuige uile-Rialtais seo um shábháilteacht pobail a thabhairt le chéile, a mhaoirsiú agus a chur chun cinn.

Go dtí seo, chuir Comhchoistí Póilíneachta (CPanna) fóram tiomnaithe ar fáil chun tacú le comhairliúchán, comhoibriú agus sineirge maidir le saincheisteanna póilíneachta agus coireachta idir an Garda Síochána, oifigigh údaráis áitiúil, ionadaithe tofa agus na hearnálacha pobail agus deonacha. Is trí na Comhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil a dhéanfar forbairt ar an obair sin anois, agus gné thábhachtach eile is ea go gcuirfear páirtithe leasmhara tábhachtacha eile leis, ar dá bharr sin a chumasaítear cur chuige níos iomláine i leith sábháilteacht pobail i ngach aon limistéar:

- Faoi thionchar pobal: Trí Chomhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail, beidh guth níos láidre ag pobail chun na saincheisteanna atá os a gcomhair a aithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. Beifear in ann ionadaíocht níos leithne a dhéanamh ar dhreamanna éagsúla i measc an phobail, lena n-áirítear ionadaithe pobail, na hearnálacha gnó agus oideachais, ionadaithe poiblí agus soláthraithe seirbhíse.
- Comhoibriú Ilghníomhaireachta: Beidh comhaltas gach aon Chomhpháirtíochta um Shábháilteacht Pobail ina léiriú ar riachtanais an limistéir ina bhfeidhmíonn an Chomhpháirtíocht.
- Freagrach: Déanfar Plean um Shábháilteacht Pobail Áitiúil a fhorbairt ina bhfuil spriocanna soiléire, agus lena leagtar freagracht ar an soláthraí seirbhíse ábhartha. Cuideoidh sé seo leis an bpobal tuiscint a fháil ar na réimsí ar a bhfuil seirbhísí poiblí á ndíriú agus aird a tharraingt ar ábhair imní.
- Trí na Comhpháirtíochtaí, déanfar pleananna um shábháilteacht pobail áitiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus glacfar le cur chuige straitéiseach i ndáil lena gcuid oibre ionas go mbeifear in ann déileáil leis na saincheisteanna a thagann chun cinn ar bhealach comhordaithe, beidh soláthraithe seirbhíse ábhartha in ann aghaidh a thabhairt orthu i dteannta a chéile i gcomhpháirtíocht leis an bpobal.

## Cuspóirí na gComhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil

Tá cur chuige na comhpháirtíochta bunaithe ar dhá bhuntuiscint:

1. Ní hionann gach pobal agus ní hionann na fadhbanna agus saincheisteanna atá os a

gcomhair.

2. Ar mhaithe le gníomhú i leith na bhfadhbanna agus saincheisteanna sin, tá raon ionchur ón Rialtas, seirbhísí áitiúla, ón earnáil dheonach agus ón bpobal féin ag teastáil.


Maidir leis an ngníomhú i leith na saincheisteanna a aithníodh thuas, tá na gnéithe seo a leanas ag teastáil ina leith:

1. Rannpháirtíocht an phobail d'fhonn riachtanais an phobail a aithint;
2. Dúthracht agus ceannach isteach ón Stát, soláthraithe seirbhíse áitiúla agus deonacha chun oibriú lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.

Trí na Comhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil, féachfar le rannpháirtíocht leanúnach an phobail a chothú i ndáil le riachtanais a aithint agus réitigh a leagan amach i gcomhar lena chéile, mar aon le dúthracht leanúnach ó sheirbhísí i dtaca le hoibriú lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Is iad na cuspóirí agus torthaí atá beartaithe i leith na gComhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil ná:

- Tosaíocht a thabhairt do shaincheisteanna a d'aithin an pobal a bheith ina n-ábhair imní sábháilteachta
  - Beidh an pobal rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail Áitiúil agus déanfar ionadaíocht ar an bpobal inti.
  - Feabhas a chur ar chomhoibriú ilghníomhaireachta sa limistéar píolótach.
- Muinín an phobail as soláthraithe seirbhíse a mhéadú
  - Beidh soláthraithe seirbhíse freagrach don phobal i ndáil leis na bearta comhaontaithe a aithníodh sa Phlean um Shábháilteacht Pobail Áitiúil a chomhlíonadh.
  - Beidh eolas agus cumhacht níos fearr ag an bpobal chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sábháilteachta pobail sa limistéar.

## Comhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail - Struchtúr




Tá sé beartaithe go n-áireofar le comhaltas na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Pobail Áitiúil: cónaitheoirí; ionadaithe pobail, lena n-áireofar ionadaithe an dreama óig, pobal nua agus na hearnála deonaí; comhairleoirí áitiúla; ionadaithe gnó agus oideachais; seirbhísí poiblí ábhartha sa limistéar, lena n-áirítear HSE, Tusla, AGS, agus an t-údarás áitiúil. Beidh 30 comhalta ar a mhéad sa CSPA.

Déanfar foráil sna rialacháin a bheidh le déanamh ag an Aire Dlí agus Cirt do chomhaltas na comhpháirtíochta.

- Sonrófar 20 cinn den 30 comhalta sa rialachán (lena n-áirítear 7 comhairleoirí áitiúla). Is é an Cathaoirleach a cheapfaidh an 10 n-áit eile i gcomhairle leis an gcuid eile den chomhpháirtíocht, a chuirfidh déimeagrafaic áitiúla agus gnéithe eile san áireamh chun cuidiú le cinneadh a dhéanamh faoi na daoine eile atá ag teastáil i ngach aon cheantar ar leith.

## Soláthar foirne agus tacaíocht don Chomhpháirtíocht

Tabharfaidh Comhordaitheoir tiomnaithe um Shábháilteacht Pobail, Grád VII – Oifigeach Riaracháin agus riarthóir, Grád IV Oifigeach Cúnta Foirne tacaíocht do gach aon Chomhpháirtíocht. Déanfar an dá phost bhuan seo a mhaoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt agus déanfaidh gach aon údarás áitiúil iad a fhostú agus suífidh siad laistigh díobh. Is é an comhordaitheoir um shábháilteacht pobail áitiúil a chuirfidh an rúnaíocht ar fáil do gach aon CSPA.

Beidh tacaíocht láidir ón leibhéal náisiúnta ag Comhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil:

- Beidh **Straitéis um Shábháilteacht Pobail** náisiúnta ann. Tríd an straitéis seo, cuirfear creat beartais uileghabhálach agus clár gníomhaíochtaí ar fáil, a bheidh mar bhonn

agus mar thaca ag cur chuige uile-rialtais.

- Beidh **Coiste Comh-Aireachta** ainmnithe ann, chun maoirseacht pholaitiúil agus cuntasacht ardleibhéil a chur ar fáil don Rialtas
- Faoina bhun sin, ag leibhéal na n-oifigeach sinsearach, beidh **Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail** ann. Trí seo, cuirfear ceannaireacht agus treoir shinsearach ar fáil chun straitéis náisiúnta a chur i bhfeidhm agus comhoibriú idirghníomhaireachta a chothú.
- Bunófar **Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail**. Is ar Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta a bheidh an fhreagracht feidhmiúcháin i dtaca le cuspóirí na straitéise náisiúnta a bhaint amach. Tríd an Oifig Náisiúnta, cuirfear oiliúint, treoir agus tacaíocht eile ar fáil do na Comhpháirtíochtaí um Shábháilteacht Pobail Áitiúil. Táthar le tús a chur leis an gcomórtas do ról an Stiúrthóra go luath.

## Cathaoirleach

Is é an ról a bheidh ag an gCathaoirleach ná obair na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Pobail Áitiúil agus obair an Chomhordaitheora um Shábháilteacht Pobail a threorú, comhaontú idir comhaltaí na gcomhpháirtíochtaí a aimsiú ionas go mbeifear in ann plean um shábháilteacht pobail áitiúil saincheaptha a fhorbairt agus cur i bhfeidhm an phlean um shábháilteacht pobail ar fud an phobail a chur chun cinn ionas go ndéanfar tairbhí inbhraite don phobal ábhartha. Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an CSPA agus as éifeachtacht an CSPA a chinntiú maidir le gach gné dá ról. Ba chóir dóibh ardchaighdeáin mhacántachta, neamhchlaontachta, agus ionracais a léiriú agus ionchais a leagan síos i ndáil le cultúr, luachanna agus iompraíochtaí don CSPA agus i ndáil le ton na ndíospóireachtaí ag leibhéal an CSPA.

Ó na nithe a foghlaimíodh ó mheastóireacht neamhspleách ar thionscadail phíolótacha CSPA, cuirtear in iúl dúinn go bhfuil ról an Chathaoirligh, go háirithe i ndáil le hinniúlacht agus taithí cheannaireachta, ríthábhachtach don Chomhpháirtíocht. Is ról suntasach, ardleibhéil saorálaíochta atá i gceist, laistigh dá bpobal/contae féin, a mbeidh díograis agus am ag teastáil ina leith.

Chomh maith leis sin, leagtar béim sa mheastóireacht go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh taithí agus muinín ag an gCathaoirleach chun éascaíocht a dhéanamh ar chomhpháirtíocht mhór, ó thaobh straitéise agus caidrimh de, ina dtugtar isteach páirtithe leasmhara bainteacha ag gach leibhéal ar bhealach comhsheasmhach agus éifeachtach. Is ról nach beag atá i gceist agus tá sé á mheas go mbeidh an Cathaoirleach ina chumasóir barrthábhachtach lena gcuirfear móiminteam agus fiú rath gach aon Chomhpháirtíochta chun cinn. Riachtanas bunriachtanach is ea cumas cathaoirligh chun gníomhú mar idirghabhálaí neamhspleách.

Déanfaidh an Cathaoirleach:

- ceannaireacht agus treo straitéiseach a chur ar fáil,
- an CSPA a threorú i ndáil le cinntí agus réitigh eolacha a dhéanamh atá saincheaptha do riachtanais an phobail faoi leith ina bhfuil siad i mbun oibre,
- an Plean um Shábháilteacht Pobail Áitiúil a chur i bhfeidhm i gcomhar le seirbhísí pobail agus poiblí araon;
- gníomhú mar urlabhraí don CSPA agus ionadaíocht a dhéanamh ar an CSPA sa phobal, ar na meáin agus i measc páirtithe leasmhara eile de réir mar is cuí.

Ní mór d'iarratasóirí ar ról an Chathaoirligh i ngach aon limistéar údaráis áitiúil fianaise ar an méid seo a leanas a chur in iúl ina n-iarratas:

- cumas cruthaithe i ndáil le comhthoil agus cumarsáid éifeachtach a chruthú;
- cumas cruthaithe chun dul i bhfeidhm ar réimse leathan páirtithe leasmhara;
- cumas i ndáil le ceannaireacht straitéiseach i dtimpeallacht ardphróifíle;
- tuiscint fhollasach nó cumas chun tuiscint a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht pobail;
- cumas chun tabhairt faoi obair i réimse íogair agus faoi bhrú dhlúth-ghrinnscrúdú an phobail uaireanta;
- Taithí ar phróisis chomhpháirtíochtaí móra agus scileanna éascaíochta
- An cumas chun gníomhú ar bhealach neamhchlaonta

## An Próiseas Roghnúcháin

Tabharfaidh gach aon Údarás Áitiúil faoi phróiseas um Léiriú Spéise chun Cathaoirleach oiriúnach a aithint.

Tríd an bpróiseas seo, cinnteofar go mbeidh daoine aonair a bhfuil taithí acu i gceannas ar gach aon chomhpháirtíocht agus go mbeidh siad muiníneach chun éascaíocht a dhéanamh ar an CSPA agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ar fad ag gach leibhéal a thabhairt isteach d'fhonn athrú ceart a bhaint amach i bpobail áitiúla.

Tionólfar Painéal Measúnachta i ngach aon Údarás Áitiúil, ina mbeidh:

1. Príomhoifigeach Feidhmiúchán Údaráis Áitiúil, a ghníomhóidh mar Chathaoirleach ar an bPaineál Measúnachta. D'fhéadfadh sé gur mhian le hÚdaráis Áitiúla dul i mbeirteanna agus a bheith ar an gcomhalta painéil don údarás eile, dá mbeadh sé sin inmhianta.
2. Le deimhniú.
3. Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail nó bainisteoir sinsearach de chuid rannán um Beartas Ceartais Choiriúil na Roinne Dlí agus Cirt (leibhéal an Phríomhoifigigh ar a laghad)

Cruthóidh an Painéal gearrliosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí ó thaobh na cáilíochta de, reáchtálfaidh an Painéal agallamh nuair a mheastar gur gá (meastar agallaimh fíorúla a bheith inghlactha), agus cuirfidh an Painéal an t-iarrthóir is fearr leis chun cinn lena cheapadh ag an Aire Dlí agus Cirt.

Is é trí bliana an téarma ceapacháin don Chathaoirleach.

### Maoiniú

Seachas croífhoireann na comhpháirtíochta, is é an fócas gur chóir maoiniú i leith aidhmeanna na bpleananna um shábháilteacht pobail áitiúil a fháil ó na ranna/gníomhaireachtaí ábhartha. Baineann sé seo lena chinntiú go ndéanann an t-eintiteas ábhartha an maoiniú a aithníodh chun tacú leis na gníomhartha a aithníodh sa phlean a chur ar fáil agus, sa chás go bhfuil sé ag tástáil ar bhonn leanúnach, go ndéantar é a phríomhshruthú laistigh den eagraíocht sin.